Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2083

29.7.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/2083 ÓN gCOMHAIRLE

## an 26 Iúil 2024

## lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1011

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Márta 2013, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh don tSaiheil.

(2) An 21 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1011 ([1]), lenar ceapadh Emanuela Claudia DEL RE mar ISAE don tSaiheil.

(3) An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1239 ([2]) lenar cuireadh síneadh le sainordú Emanuela Claudia DEL RE mar ISAE don tSaiheil. Tá sainordú ISAE le dul in éag an 31 Lúnasa 2024.

(4) Ba cheart síneadh a chur le sainordú ISAE go ceann tréimhse bhreise 3 mhí agus ba cheart an méid tagartha airgeadais a choigeartú dá réir.

(5) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staide a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1011 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Leis seo, ceaptar Emanuela Claudia DEL RE mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don tSaiheil ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022.

Cuirtear síneadh le sainordú Emanuela Claudia DEL RE mar ISAE don tSaiheil go dtí an 31 Lúnasa 2024.

Cuirtear síneadh le sainordú Emanuela Claudia DEL RE mar ISAE don tSaiheil go dtí an 30 Samhain 2024.

Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go gcuirfí síneadh le sainordú ISAE nó go ndéanfar é a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.';

(2) in Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

'Is é EUR 3 693 035,89 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 30 Samhain 2024 a chumhdach.';

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Cuirfidh ISAE tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 1 Samhain 2024.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1011 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil (IO L 222, 22.6.2021, lch. 21).
([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1239 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil (IO L 190, 19.7.2022, lch. 129).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

BÓKA J.